Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme

Rialtas Áitiúil Éireann
Local Government Ireland



# Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta

## 2023–2027





**Muineacháin**

Pictiúir Clúdaigh (C go D): Monaghan Tourism (barr ar chlé), John Nutley (sa chúinne íochtair ar chlé agus ar deas)

# Na Caibidlí


| | | |
|---|---|---|
| | **Réamhrá** | 02 |
| 01 | **Éire Ildánach 2023–2027** | 04 |
| 02 | **Cultúr agus Cruthaitheacht i gcontae Mhuineacháin** | 06 |
| 03 | **Fís Éire Ildánach do Mhuineacháin** | 12 |
| 04 | **Mar a fheidhmíonn Clár Éire Ildánach**<br>Prionsabail agus Luachanna Phobail Chruthaitheacha | 13 |
| 05 | **Tosaíochtaí Straitéiseacha do Mhuineacháin** | 14 |
| 06 | **Cur chun feidhme arna déanamh ag Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta Mhuineacháin** | 18 |
| | **Léarscáil de Mhuineacháin** | 19 |

# Réamhrá

Tá an-áthas orainn fáilte a chur roimh Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2023–2027 do Chontae Mhuineacháin. Ag leanúint ar aghaidh ón rath a bhí ar an gcéad Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta don chontae a cuireadh i bhfeidhm le cúig bliana anuas, cuirfidh an straitéis nua seo le rannpháirtíocht, tuiscint agus glacadh na gclár agus na gcleachtas cruthaitheach agus cultúrtha, ag seachadadh do dhaonra níos leithne sa chontae sna cúig bliana amach romhainn.

Nuair a thosaíomar amach ar chur i gcrích na straitéise deiridh, bhíomar ag siúl ar thalamh nua agus ag glacadh le meicníocht nua chun cruthaitheacht agus cultúr a thabhairt do mhuintir Chontae Mhuineacháin. Chruthaigh paindéim COVID-19 dúshlán, nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, do dhaoine ó gach réimse den saol, ar fud na tíre agus ó thaobh straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta a chur i gcrích sa chontae. Chuir sé iallach ar an bhFoireann Chruthaitheach i gComhairle Contae Mhuineacháin agus ar na cleachtóirí cruthaitheacha a raibh siad ag obair leo, bealaí nua a fhorbairt chun teagmháil a dhéanamh le daoine sa phobal. Is fíor a rá gur dócha go raibh clár seachadta níos éagsúla, níos nuálaí agus níos rathúla mar thoradh ar an taithí a fuarthas maidir le leanúint den straitéis a chur i gcrích tríd an bpaindéim, agus go raibh bailiúchán tionscadal, aschur agus torthaí mar thoradh air sin nach bhféadfaí a bheartú riamh ón tús.

Le linn na cúig bliana deiridh den chéad Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta do Chontae Mhuineacháin, leagamar amach roinnt rudaí a theastaigh uainn a bhaint amach — theastaigh uainn níos mó daoine a mhealladh chun iniúchadh a dhéanamh iad féin ar chruthaitheacht agus ar chultúr ag gach leibhéal; theastaigh uainn ealaíontóirí agus daoine cruthaitheacha a nascadh leis an bpobal agus leis an tionscal; theastaigh uainn comhoibriú a spreagadh ar gach leibhéal den earnáil chruthaitheach agus ar fud gach gné den tsochaí; agus theastaigh uainn tionchar dearfach a imirt ar fholláine ár bpobail go sóisialta agus go heacnamaíoch araon. Agus athbhreithniú á dhéanamh againn ar an obair atá déanta, is léir go bhfuil an-chuid bainte amach againn, agus muid ag smaoineamh ar na cúig bliana atá amach romhainn, tá sé níos soiléire fós cé chomh luachmhar is féidir le feithicil an chultúir agus na cruthaitheachta a bheith chun athrú a chur i bhfeidhm, chun leas a bhaint as fuinneamh fócasaithe ár ndaonra agus chun tionchar claochlaitheach a imirt inár saol.

Thar ceann mhuintir an chontae, ba mhaith linn moladh a thabhairt don Fhoireann Chultúir agus Chruthaitheachta agus do na cleachtóirí cruthaitheacha ar oibrigh siad leo, ar a n-intleacht, ar a gcruthaitheacht, ar a nuálaíocht, ar a solúbthacht agus ar a mbuanseasmhacht chun iniúchadh a dhéanamh agus eispéiris rannpháirtíochta bharántúla a chruthú, a forbraíodh agus a cuireadh ar fáil le linn shaolré na straitéise deireanaí. Foghlaimíodh go leor de bharr riachtanais; glacadh leis an teicneolaíocht agus, go deimhin, cuireadh muinín ann chun rochtain a chruthú sa phobal; cuireadh béim ar chruthaitheacht chun smaointe tionscadail a athshamhlú agus iad a dhéanamh inoibrithe i dtimpeallacht seachadta nua. Chomh maith leis sin, ní raibh teorainn le smaointe cleachtóirí cruthaitheacha agus thug siad fiú tuilleadh scóip dóibh féin, rud a thug toradh iontach ar an tacaíocht agus ar an maoiniú a fuair siad tríd an gclár. Agus mar sin, tá oidhreacht chultúrtha Chontae Mhuineacháin tar éis fás agus tá lucht féachana agus comhoibriú idirnáisiúnta nua aimsithe aici.

Cuirfidh Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Mhuineacháin 2023-2027 leis an mbonn daingean a cruthaíodh le linn na chéad straitéise agus forbrófar cláir níos nuálaí i réimsí na hóige, na bpobal, na dtionscal cruthaitheach, an chomhshaoil agus na sláinte agus na folláine. Léirítear san aiseolas a fuarthas ó chomhairliúcháin a rinneadh agus an straitéis seo á hullmhú, go bhfuilimid fós sna céimeanna luatha chun cuid de thosaíochtaí na chéad straitéise a chur i gcrích agus leanfar ar aghaidh leo sin sa dara straitéis cúig bliana seo, mar sin is fíor a rá anois go bhfuil 'go leor déanta, ach níos mó le déanamh'.

Tar éis modheolaíochtaí rannpháirtíochta a thástáil le cúig bliana anuas, díreofar níos mó ar chleachtóirí cruthaitheacha, áiteanna cultúrtha agus spásanna agus pobail a spreagadh ó thaobh saincheisteanna atá tábhachtach dóibh, a gcáilíocht saoil agus a dtodhchaí, go háirithe Sláinte agus Folláine agus Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht. Tá ról ag na hEalaíona Cruthaitheacha agus ag an gCultúr maidir leis na cláir oibre thábhachtacha seo trí spás a chruthú le haghaidh féinléirithe, daoine a chumasú chun páirt a ghlacadh i gcomhráite, gníomhú agus athruithe inbhuanaithe a dhéanamh ina saol.

Cuirfear go mór le Sláinte agus Folláine na ndaoine inár gcontae má aimsíonn na daoine iad féin bealaí inar féidir leo eolas a fháil ar ghníomhaíochtaí a chabhraíonn lena bhfolláine féin, iad a thuiscint agus páirt a ghlacadh iontu. Trí aird a thabhairt ar an tSláinte agus an Fholláine mar théama reatha ar fud Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Mhuineacháin, cuirfear ar chumas daoine, pobail agus gnólachtaí dul i mbun smaointeoireachta nua faoin gcaoi ar féidir Sláinte agus Folláine a chur in oiriúint agus a chothú ina n-aonar chun tionchar a imirt ar idirghabháil phearsanta agus ar thorthaí dearfacha.

Téama atá i láthair síos tríd an Straitéis, agus atá ríthábhachtach, is ea Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht. Ar fud na tíre, tá gníomhaíochtaí á gcur chun feidhme ag údaráis, eagraíochtaí, gnólachtaí, pobail agus daoine aonair a laghdóidh tionchair an athraithe aeráide amach anseo agus a shainaithneoidh gníomhaíochtaí oiriúnaithe aeráide a chosnóidh daoine, pobail agus bonneagar. I gContae Mhuineacháin, tá Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Mhuineacháin ag déanamh aithris ar Straitéis an chontae maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide 2019-2024 agus sna cúig bliana amach romhainn úsáidfear an Chruthaitheacht agus an Cultúr mar mheicníochtaí chun daoine aonair, gnólachtaí agus pobail a chumasú chun dul i ngleic le cúrsaí bithéagsúlachta, bealaí le bheith athléimneach ó thaobh na haeráide de agus na bealaí ar féidir leo a lorg carbóin a laghdú.

Is léir don Fhoireann Chultúir agus Chruthaitheachta go bhfuil cíocras sa phobal ó thoabh deiseanna chun dul i mbun gníomhaíochtaí cultúrtha agus cruthaitheacha; tá an-acmhainneacht ann tacú le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chruthaitheoirí sa chontae agus le forbairt earnáil na dtionscal cruthaitheach ina ceart féin; agus gur meáin éifeachtacha iad an cultúr agus an chruthaitheacht chun oideachas a chur ar an tsochaí, chun daoine a spreagadh i gcomhráite claochlaitheacha agus chun athrú a chur i bhfeidhm ar ábhair dhúshlánacha amhail an t-athrú aeráide agus folláine.

Leanfaimid orainn ag glacadh le traidisiún na cruthaitheachta agus an chultúir i gContae Mhuineacháin, agus é a scaipeadh i measc níos mó daoine, ar níos mó bealaí agus teorainneacha a leathnú maidir leis an méid is féidir a ghiniúint ó "ithir liath chlochach Mhuineacháin". Tugaimid cuireadh duit a bheith linn ar an turas fionnachtana seo thar na cúig bliana amach romhainn.

**Patricia Monahan**
Leas-phríomhfheidhmeannach
Chomhairle Contae Mhuineacháin

**An Comhairleoir Sean Conlon**
Cathaoirleach Chomhairle
Contae Mhuineacháin

# 1 **Éire Ildánach**
2023–2027

Is tionscnamh uile-rialtais é Clár Éire Ildánach atá tiomanta do rochtain a fheabhsú i dtaobh chultúr agus chruthaitheacht na hÉireann, rannphháirtíocht iontu a fheabhsú agus an sásamh a bhaintear astu a fheabhsú. Laistigh den réimse leathan de shainmhínithe atá ar fáil, meastar an chruthaitheacht a bheith ina shraith de chumais nádúrtha agus scileanna foghlama; ábaltacht daoine aonair agus eagraíochtaí smaointe agus gnásanna a nglactar leo a shárú agus trí úsáid a bhaint as an tsamhlaíocht chun smaointe nua a chruthú a thugann fiúntas breise do ghníomhaíocht an duine.

Is é fís Chlár Éire Ildánach 2023–2027 an chruthaitheacht a bheith ina gnáthchuid de shaol an náisiúin chun go mbeimid ábalta an cumas iomlán cruthaitheachta atá ionainn, inár saol pearsanta agus inár n-institiúidí, asainn féin agus i ngrúpaí, a thabhairt chun fíre agus folláine an duine aonair, an phobail agus an náisiúin a chur chun cinn.

Déanfaidh Clár Éire Ildánach maith air sin trí oibriú i gcomhar agus i gcomhpháirtíocht ag cur tuiscint agus meas ar luach na cruthaitheachta i ngach aon fhoirm chun cinn-cé acu ar trí na healaíona, cultúr, oidhreacht nó teicneolaíocht é.

**Déanfaidh Clár Éire Ildánach tús áite a thabhairt dá chuid oibre bunaithe ar chúig ghné don tréimhse 2023–2027:**

1. Óige Ildánach
2. *Pobail Ildánacha*
3. Tionscail Ildánacha
4. Sláinte agus Folláine Ildánach
5. Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht Ildánach

Faoi Chlár Éire Ildánach, tacaíonn *Pobail Ildánacha* leis an gcomhpháirtíocht idir an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus údaráis áitiúla na hÉireann. Cuireann an chomhpháirtíocht seo ar chumas saoránach agus pobal a gcultúr agus a gcruthaitheacht a fhiosrú ag an leibhéal áitiúil agus, nuair is cuí, leas a bhaint as an gcruthaitheacht sin chun an fholláine a neartú, aontacht shóisialta a bhrú chun cinn agus tacú le forbairt eacnamaíoch.

Tá *Pobail Ildánacha* nuálach chomh maith i dtaobh an chruthaitheacht a spreagadh chun lánpháirtiú níos mó a bhaint amach ar fud tosaíochtaí beartais spriocdhírithe. Mar thoradh air sin tá tionscnaimh rannpháirtíochta cruthaitheachta nua bainte amach maidir le leanaí agus daoine óga, daoine níos sine, gníomhú ar son na haeráide agus geilleagair áitiúla, mar shampla. Tá dearcadh daoine aonair agus pobail maidir leis an ról agus luach atá ag an gcultúr agus ag an gcruthaitheacht lárnach inár bhfolláine sa chiall is leithne ag feabhsú.

Is chun tacú le rannpháirtíocht, uilechuimsiú daoine agus iad a bheith ábalta iad féin a chur in iúl laistigh de phobail atá i gceist leis an deis a glacadh go fonnmhar i Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta 2023–2027 Lú agus geilleagair áitiúla cruthaitheachta a neartú tuilleadh.






Péinteáil na nDall i Leabharlann Mhuineacháin

Cuimhne Uisce — Cruthaitheacht I Tionscadal Daoine Scothaosta

# 2 Cultúr agus Cruthaitheacht i gContae Mhuineacháin

"D'fhéadfaimis péint a chur ar dhíon na scoile ionas go bhféadfadh héileacaptar é a thaifead!"

"Sea, nó múrphictiúr le hainmneacha gach duine sa scoil."

"Nó dealbh ollmhór ... le taisceadán todhchaí."

"Céard faoi cathair ghríobháin ar an bpáirc peile, déanta as burlaí féir?"

Tírdhreach Cruthaitheach Mhuineacháin go dtí seo...Peirspictíocht ó Chomhlach Cruthaitheach le Declan Gorman, Meán Fómhair 2022

Is iad seo focail thaifeadta leanaí Rang a Ceathair i Scoil Náisiúnta faoin tuath i gContae Mhuineacháin in 2020. Bhí siad ag freagairt do chuireadh chun tionscadal cruthaitheach amach anseo a shamhlú, gan teorainneacha, dá gcampas beag néata, díreach in aice leis an tseanbhóthar idir Baile na Lorgan agus Muineachán.

Iarradh ar pháistí Rang a Sé a bhí ar tí dul ar aghaidh ón scoil chéanna sin a ndóchas agus a mianta a chur in iúl dóibh féin, dá dteaghlaigh, agus don domhan mór faoi cheann deich mbliana. I measc na bhfocal agus na n-íomhánna a chruthaigh siad bhí na cinn coitianta maidir le folláine na seantuismitheoirí, úinéireacht amach anseo ar innealra feirme ollmhóra agus rath leanúnach na gclubanna CLG áitiúla, go himní faoi théamh domhanda agus deireadh a chur le meon ciníoch agus homafóbach ar fud an domhain.

> *"Ba mhaith liom a bheith i mo chónaí i ndomhan inar féidir le gach duine a bheith mar is mian leo, an rud a theastaíonn uathu a chaitheamh, grá a thabhairt do na daoine ar mian leo grá a thabhairt dóibh, agus a bheith sásta!"*

Dá mbeadh an héileacaptar miotasach sin ag eitilt suas, go hard os cionn na scoile, bheadh sé i gcontae mar an gcéanna leis an gceann a cheiliúrtar agus a dhéantar trácht air ó am go chéile i bhfilíocht Patrick Kavanagh roinnt blianta roimhe sin, ach le línte nua anonn is anall, le déimeagrafaic athraithe agus smaointe atá ag teacht chun cinn leagtha anuas air.

In aice leis an scoil, agus é fós ina sheasamh, d'fheicfí Séipéal Naomh Mhichíl, a dhear William Alphonsus Scott sna 1920idí, nuair a bhí Kavanagh ag foghlaim ceird an fheirmeora agus ag tosú amach 'i mbun na filíochta'. Bhí Scott ina dhearthóir intí do theach maorga an fhile iontach Éireannach eile sin ó thús an 20ú haois, William Butler Yeats, agus ní fhéadfadh a áit chónaithe a bheith níos difriúla ó fheirm bheag Kavanagh fiche míle ó dheas ag Inis Caoin.

Ag filleadh ar Bhaile Átha Cliath, feadh sheanbhóthar Mhuineacháin, d'fheicfeadh an héileacaptar Swallow Studios áit a gcruthaíonn an fíodóir láimhe clúiteach Liz Christie scaifeanna fíorálainn ar a tugadh 'ealaín atá furasta a chaitheamh' uair amháin. Roinneann Liz a coimpléasc stiúideo álainn faoin tuath leis an ealaíontóir baitíce Louise Loughman. Nuair a bhí tuairimí na 250 dalta ar fad sa scoil náisiúnta seo curtha le chéile agus tiomsaithe, aontaíodh go gcuirfí tús le comhthionscadal amharc-ealaíne i measc na seomraí ranga go léir in 2022. Tháinig Louise in éineacht lena deirfiúr Joanne isteach chun an próiseas seo a threorú, faoin mbratach *Clár na Scoileanna Ildánacha*. Cé go gcuirtear an bhéim i Scoileanna Ildánacha ar an bhfoghlaim agus ar an bpróiseas seachas ar tháirge snasta, bhí na tuismitheoirí a d'fhreastail ar shearmanas dheireadh na bliana go mór faoi dhraíocht ag na samplaí d'fhabraic ar snámh agus saothair pháipéir a bhí ar crochadh ar fud halla na scoile, léiriú beoga ar chruthaitheacht pobail leanaí chomh héagsúil agus chomh físiúil céanna le haon cheann ar domhan.

Go dtí 2007, ghlacfadh duine ar bith a bhí ag tiomáint ó thuaidh ó Bhaile Átha Cliath go Doire Seanbhóthar Mhuineacháin trí shráidbhaile Eanaigh Gheala, thar Swallow Studios, thar shéipéal agus scoil Naomh Micheál agus níos faide ar aghaidh thar Eaglais na hÉireann Naomh Colmán i gCluain Tiobraid in aice láimhe. Anois téann na gluaisteáin ghasta suas seachbhóthar an N2 ar nós na gaoithe. Seachas dearmad a bheith déanta orthu, tá borradh faoi phobail bhaile Mhuineacháin go sóisialta agus go cultúrtha cé nach bhfuil trácht an mhórbhealaigh ag teacht i ngar dóibh a thuilleadh.

Ag tiomáint an tseachbhóthair le linn na hoíche, tugtar léargas do strainséirí ar Ionad Bairr Feabhais nua CLG Mhuineacháin, tuilsoilsithe mar shaoráid spóirt gnóthach sa todhchaí. Tá Ionad Entekra mar bhaile ag gach ceann de na 20 foireann CLG contae: peil, iománaíocht, peil na mban, camógaíocht, agus coláistí. Feidhmíonn an coimpléasc sa Chlochán freisin mar cheanncheathrú d'fhoireann lánaimseartha riaracháin agus cóitseála an chumainn a bhíonn ag obair le clubanna agus scoileanna ar fud an chontae, agus béim á chur ar 'rannpháirtíocht, spraoi agus caighdeáin feabhsaithe cóitseála ag gach leibhéal'. Bheadh iontas ar Kavanagh, a d'imir mar chúl báire ar pháirc chlábarach le fána leis na Inniskeen Rovers, dá bhfeicfeadh sé é!

D'fhéadfadh 'rannpháirtíocht, spraoi agus caighdeáin fheabhsaithe' cur síos a dhéanamh freisin ar thionchar suntasach chlár Éire Ildánach ar shaol cultúrtha Mhuineacháin ó bunaíodh é in 2017.

San Fhorléargas Cultúrtha a bhí sa chéad Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta do Mhuineachán (2018-2022), tugadh léargas ar chontae a bhí sáite i dtraidisiún liteartha agus ceoil, le hearnálacha amharcealaíona, ceardaíochta, scannán, agus oidhreachta atá bríomhar agus ag dul i méid. Le Éire Ildánach táthar tar éis na traidisiúin sin a mholadh agus a fheabhsú le fuinneamh nua ag teacht i bhfeidhm.

Is ócáid mhór anois é *Cruinniú na n-Óg* ar fhéilire bliantúil an chontae, a thugann cruthaitheacht isteach sa réimse poiblí agus a mheallann páistí agus daoine óga chomh maith le lucht féachana. Cé nach feiniméan nua iad na healaíona rannpháirtíochta, tá siad aistrithe anois go croílár an bheartais chultúrtha agus shóisialta náisiúnta agus áitiúil. I saol atá ag athrú ag ráta nach bhfacthas riamh roimhe seo, tá an chruthaitheacht le tuiscint mar eochair maidir le cé muid féin, cad is féidir linn a dhéanamh agus an bealach a chaithfimid a bheith.

Ar ndóigh, tá an chruthaitheacht sa nádúr agus san iompar daonna agus tá sé i bhfad níos leithne ná cleachtas na n-ealaíon amháin. Ach, más go mall féin é, tuigtear anois go bhfuil ealaín agus cruthaitheacht mar inneall a spreagann náisiún cruthaitheach. Is nuálaithe ó nádúr agus ó thaobh ceirde iad ealaíontóirí agus daoine cruthaitheacha: tá ról ríthábhachtach acu an tsochaí a threorú trí athrú, go díreach agus go hindíreach.

Tá athrú as cuimse tagtha ar Éirinn, fiú sna cúig bliana ó sheol an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, Heather Humphreys (mar a tharlaíonn sé, bean as Muineacháin), Éire Ildánach. Tá ionradh na Rúise ar an Úcráin tar éis na mílte dídeanaithe a thabhairt chun na tíre, lena n-áirítear go leor ar cuireadh fáilte mhór rompu i gContae Mhuineacháin. Tá ár scoileanna anois mar ionadaithe ar ár sochaí atá éagsúil ó thaobh cultúir de, le pobail théagartha an lae inniu ag eascairt as patrúin imirce an lae inné. Idir an dá linn, leanann an Breatimeacht agus na hathruithe a rinneadh dá bharr, ar aghaidh ag dul i bhfeidhm ar mhuintir Mhuineacháin, a bhfuil teorainn aici le trí cinn de na sé chontae i dTuaisceart Éireann.

I lár an tsuaite seo ar fad, caitheadh péire de na cúig bliana a chuaigh thart le géarchéim nach bhféadfaí a shamhlú go dtí seo mar gheall ar phaindéim dhomhanda, agus muid díreach ag teacht amach as anois. I measc na n-earnálacha is mó a cuireadh siar mar gheall ar shrianta COVID-19, bhí an cultúr agus na healaíona. Cuireadh stop le ceolchoirmeacha, cuairteann ar amharclanna, ar phictiúrlanna agus fiú ar ghailearaithe agus ar mhúsaeim. Agus fós ní raibh a leithéid d'admháil phoiblí agus oifigiúil ann riamh roimhe seo ar thábhacht na n-ealaíon i sochaí na hÉireann. Thóg sé ganntanas chun aird a tharraingt ar an luach. Fáiltíodh roimh agus tacaíodh le léirithe ar líne le linn na dianghlasála is dorcha, chomh maith le himeachtaí ealaíne poiblí faoin aer tar éis na srianta a mhaolú.

I gContae Mhuineacháin, thosaigh trí phríomhionad clár ealaíon, Ionad Ealaíon Íontas, Amharclann an Gharáiste, agus Ionad Patrick Kavanagh ag cruthú clár ar líne in achar an-ghearr. Thosaigh lucht féachana sa bhaile ag tabhairt faoi deara an raon leathan de thallann ealaíonta a bhí ar leac an dorais acu, feiniméan a d'fhás timpeall




Féile Tradoodle

orainn ach go minic ar bhealach chomh horgánach sin gur ar éigin a thugamar faoi deara é. Thosaigh lucht féachana sa bhaile ag tabhairt faoi deara an raon leathan de thallann ealaíonta a bhí ar leac an dorais acu, feiniméan a d'fhás timpeall orainn ach go minic ar bhealach chomh horgánach sin gur ar éigin a thugamar faoi deara é agus ag am nuair nach raibh siad in ann a bheith ar stáitse.  Chuaigh *Cruinniú na n-Óg* ar líne. Chuir grúpaí drámaíochta amaitéaracha ábhar amach ar Tik-Tok agus YouTube go cróga.

D'éirigh go maith leis an ealaín mhúrmhaisithe. Bhí Patrick Kavanagh, a bhí uileláithreach i gcónaí ar thírdhreach cultúrtha Mhuineacháin, níos uileláithrí fós nuair a bhí a radharc ollmhór le feiceáil ar an mballa ag Rosie's Corner i gCarraig Mhachaire Rois, saothar de chuid an mhúrmhaisitheoir iomráiteach Omin. Choimisiúnaigh Béal Átha Beithe múrphictiúr le healaíontóir sráide cáiliúil eile, Maser, a léiríonn flóra agus fána áitiúil ar bhealach álainn.  Bhí an treocht sin socraithe cheana féin i mBaile na Lorgan áit a ndearna Omin íomhá álainn, annamh leis an ngrianghrafadóir Éadbhardach JJ Clarke a athléiriú ar bhalla os comhair a sheanteach teaghlaigh ar Shráid Eabhrac.

Ar ndóigh, bhí na healaíontóirí sin go léir agus an ghníomhaíocht seo go léir ar bun roimh COVID-19. Sula raibh teacht againn orthu ag canadh agus ag caint linn ónár ríomhairí glúine agus fóin, bhailigh ealaíontóirí agus lucht féachana an-bhuíoch as Muineachán le chéile ag Féile Ealaíon Charraig Mhachaire Rois nó ag imeachtaí míosúla Líonra Ealaíon Mhuineacháin i dTeach an Mhargaidh, ag Ionad Ealaíon Íontas nó An Gharáiste. Is sárthaispeántas é seo ina léiríonn agus ina labhraíonn físealaíontóirí faoina saothar; baineann cumadóirí triail as foinn nua; Bíonn oícheanta ciúine teacht abhaile ag bannaí agus ceoltóirí Mhuineacháin le próifíl idirnáisiúnta.

Tá sé i ngach áit i Muineachán, an grá seo don chultúr. Measctar an sean leis an nua, más réamhbheartaithe nó de thaisme é, agus cuirtear i gcuimhne dúinn conas is féidir le hathrú - a fheictear uaireanta mar rud scanrúil - a bheith iontach.  I measc na n-imeachtaí ar fad tharla imeacht iontach amháin le linn na paindéime agus b'shin ceolchoirm pearsanta ar líne in Ionad Patrick Kavanagh leis an gcumadóir comhaimseartha Michael Gallen. Agus a bhanna ceoil Sudden Wells ag canadh a n-amhrán deireanach ar an oíche, "Going Gentle", tháinig John McArdle ar an stáitse in éineacht le Michael agus d'aithris sé dán le Kavanagh "October". Nóiméad álainn lonrach a bhí ann a spreag freagairtí mothúchánacha ar fud na tíre, fiú ar na haerthonnta míshásúla ar líne.

Léiríodh ceoldráma iontach de chuid Gallen dar teideal  "Elsewhere" den chéad uair bliain ina dhiaidh sin in Amharclann na Mainistreach, insint ar an scéal ligthe i ndearmad faoi ghlasáil na nOibrithe Sóivéadach in 1919 ag ospidéal síciatrach Naomh Damhnait, i gcomhléiriú le Once-Off Productions (Éire) agus Miroires Étendus (an Fhrainc). Rinneadh réamhléiriú den cheoldráma sin cheana féin, ní i Lille ná i mBaile Átha Cliath ná i bPáras, ach ag séipéal Naomh Maeldoid i mBaile na Lorgan, baile dúchais an chumadóra, tar éis cónaitheacht coicíse ag an ensemble idirnáisiúnta ag Íontas.  Ní haon áibhéil a rá go ndeachaigh an baile ar fad amach chun an taibhiú a fheiceáil, ceoldráma nua-aimseartha turgnamhach tugtha abhaile, pobal ag cur fáilte roimh ghrúpa ealaíontóirí coimhthíocha a bhíodh ag canadh ar nós éanlaith annamha ag glaoch san oíche, a rinne cleachtadh an lá ar fad, ach a fuair ar aghaidh go hiontach, idir an dá linn, le gach éinne ar fud an bhaile, sna tithe, sna seomraí tae, sna siopaí agus sna beáir. Bhí sé mar chuairt lenar cuireadh i gcuimhne dúinn, gan cur chuige ná uaidh, gur ealaíontóirí mná agus fir iad atá ag obair go crua le buanna a d'fhéadfadh teagmháil a dhéanamh lenár gcroí agus lenár n-intleacht ar bhealaí nua.

Tá an fhí de naisc chultúrtha laistigh den chontae gan teorainn. Bhí Sóivéadach Mhuineacháin mar théama bliain roimhe sin a thaitin le ball dílis eile ar stáitse na háite, an pearsa drámaíochta amaitéarach Aidan McQuillan a raibh an-ghrá air agus a bhás anabaí in 2022 ina chúis mhór bhróin. In éineacht le Brian Kenny, scríobh Aidan agus rinna sé stiúradh ar "And a Red Flag Flying", ag insint an scéil dearmadta chéanna i bhfoirm níos traidisiúnta le foireann aisteoirí ón bpobal áitiúil.    D'aimsigh Aidan, mar a d'admhaigh sé go minic, an ghrá a bhí aige ar feadh a shaoil don drámaíocht agus é ina dhéagóir, nuair a chuaigh sé amach ar an mbóthar leis na Ballintra Players mór le rá — faoi stiúir John agus Tommy McArdle iad féin.

Ag leanúint leis an bhfí chiorclach seo, bhí príomhspás léirithe an chontae, Amharclann an Gharáiste, suite don chéad scór bliain ar thailte Naomh Damhnait a bhí le feiceáil sna seónna stáitse thuas.  Tá sé socraithe go maith anois ina shaoráid úrscothach (2013) ar champas Bhord Oideachais & Oiliúna an Chabháin & Mhuineacháin in aice láimhe.

Bhí an Garáiste ar cheann de na chéad amharclanna réigiúnacha lasmuigh de na cathracha móra a chuir fáilte roimh amharclannaíocht ghairmiúil ar camchuairt chomh maith le seónna áitiúla a óstáil. Mar gheall ar a shuíomh reatha agus a cheangal le CMETB, is acmhainn iontach é do scoileanna agus do chomhlachtaí oideachais sa chontae. Mar chuid d'Amharclann Óige Mhuineacháin a bhfuil meas mór air, is mol é anois do ghníomhaíocht ealaíon oideachais.

Is ionaid sármhaitheasa cruthaitheachta iad go leor scoileanna i gContae Mhuineacháin anois. Bhí ceoldrámaí scoile agus drámaí agus ranganna ealaíne ann i gcónaí, ach tá bunscoil nó meánscoil comhaimseartha na hÉireann an-difriúil ó na cinn a bhí ann fiú fiche bliain ó shin. Tá dul chun cinn ollmhór déanta ag an gcóras oideachais, ag oiriúnú don fhreagracht foghlaim chruthaitheach nua-aimseartha, mac léinn-lárnach a chur ar fáil do dhaonra atá éagsúil ó thaobh cultúir de.  Tógann Curaclam nua na Bunscoile (2022) ar láidreachtaí churaclam 1999, ag cur béim ar luachanna amhail cuimsiú, comhionannas, agus folláine taobh le taobh le foghlaim ábharbhunaithe. Tá Oideachas Ealaíon ar cheann de na sé phríomhréimse curaclaim anois. Cinnteoidh an tSraith Shóisearach nua agus na hathchóirithe Ardteiste atá beartaithe go leanfar den aistear cruthaitheach seo tríd an dara leibhéal.

Tá sé scoil déag i gContae Mhuineacháin tar éis páirt a ghlacadh i gclár na Scoileanna Ildánacha ó bunaíodh é in 2018, ag ardú ó cheann amháin sa chéad bhliain go haon cheann déag i mBliain 3. Chuaigh cuid eile i dteagmháil le Cnuasaigh Chruthaitheacha a spreagann scoileanna comhoibriú go cruthaitheach agus foghlaim óna chéile. Táthar ag súil go mbainfidh níos mó agus níos mó scoileanna as Muineachán leas as na cláir seo agus iad á gcur i bhfeidhm go náisiúnta.

Bhí rudaí den sórt sin doshamhlaithe nuair a bhí Patrick Kavanagh óg ag imeacht lena mhála scoile go Scoil Chéide na Minseach sna blianta sular bunaíodh Stát na hÉireann, agus d'fhan siad mar dhóchas fánach leis na glúnta d'ainneoin na n-iarrachtaí is fearr a rinne múinteoirí aonair, ealaíontóirí agus lucht tacaíochta beartais.

Nuair a d'fhág Kavanagh an scoil ag 13 bliain d'aois chun dul i mbun feirmeoireachta, agus nuair a thosaigh sé i mbun filíochta agus é amach sna déaga, measadh gur 'amadán' a bhí ann — de réir a chur síos féin — agus bhraith sé go mb'éigean dó dul ar imirce go Baile Átha Cliath. In 2022, chuaigh bus le daltaí sa dara bliain ó Choláiste an Inbhir i gCarraig Mhachaire Rois an cúpla míle chun cuairt a thabhairt ar Ionad Patrick Kavanagh nua-cheaptha in Inis Caoin i gcuideachta an ealaíontóra Kate Beagan agus an file ó Fhine Gall Enda Coyle-Green. Stop siad taobh amuigh de shiopa áitiúil chun picnic a fháil agus chan siad agus sheinn siad Raglan Road. Chuaigh siad suas lána go scioból Billy Brennan a bhí fós ina sheasamh, le cead ón úinéara talún. Ansin, rinne siad sceitseáil de na foirgnimh agus den tírdhreach agus scríobh siad nótaí le haghaidh dánta a chumfaidís agus iad ar ais sa scoil sna seachtainí ina dhiaidh sin.

Bhí nótaí agus scriobláil i bPolainnis, Liotuáinis agus Úcráinis chomh maith le Béarla sna dialanna a taispeánadh níos déanaí. Rinne an ceamaradóir, Barbara Egan, scannán faoin lá sin. Ag seoladh an scannáin, gualach líníochta beoga, agus saothair phéinteáilte ó mhic léinn Ealaíne na dara bliana léiríodh na mionsonraí maidir le screamhóga ar dhoirse sciobóil, crainn, fána, Abhainn Átha Féan, agus fuinneog sheomra leapa beag Kavanagh. Léigh triúr mac léinn os ard dánta a bhí scríofa acu — cailín ceithre bliana déag d'aois d'oidhreacht na hAfraice ar dhuine acu: sheinn feighlí na scoile agus beirt mhac léinn foinn thraidisiúnta. Ní dhearnadh aon scéal mór faoi seo ar fad, ná ní raibh sa lucht éisteachta ach na mic léinn féin, cúpla múinteoir, agus cathaoirleach CMETB a bhuail isteach go muinteartha. Lá speisialta a bhí ann, ach ní raibh ann ach lá eile i scoil ildánach nua-aimseartha i Muineacháin.

Is léargais iad seo, ar Chontae Mhuineacháin anois, in 2022, áit ina bhfuil iontais chultúrtha, sochaí oscailte chomhaimseartha foghlama, ina bhfuil meas ar ealaín agus ar chruthaitheacht agus ina ndéantar cleachtadh orthu. Rinne nuálaithe misniúla an bealach a mharcáil ar feadh na mblianta, agus is minic a ndeachaigh siad amach leo féin ar bhealach uaigneach, údair ar nós Evelyn Conlon, Mary O'Donnell, Patrick McCabe agus an iliomad scríbhneoirí agus ealaíontóirí eile a luadh in Forbhreathnú an Chultúir de chuid Contae Mhuineacháin 2018. Ní hamháin nach bhfuil na healaíontóirí seanbhunaithe, sármhaithe sin faoi bhagairt ag an bhfáiltiú feabhsaithe agus ag rannpháirtíocht an phobail i gcoitinne sa chultúr, is mó an tuiscint agus an meas atá orthu anois. Idir an dá linn tá ealaíontóirí agus foirmeacha ealaíne nua ag teacht chun cinn gach bliain le tacaíocht ag méadú de réir a chéile.

Ag an am céanna, sa chontae céanna, déantar páistí agus daoine fásta nach ndéanfaidh b'fhéidir veidhlín nó scuab phéinteála a ghlacadh go gairmiúil go deo, déantar iad a threorú agus a spreagadh ar scoil, i gclubanna agus ar shráideanna Mhuineacháin, Chluain Eois, Bhaile na Lorgan agus na spásanna idir eatarthu, chun aghaidh a thabhairt amach chun tosaigh agus chun glacadh le hathrú ar bhealaí nua atá cuimsitheach, ceisteach agus cruthaitheach.



Nádúr a Mhapáil Trí Chéadfaí,
Ceardlann Ealaíne agus Filíochta

# 3 Fís Éire Ildánach do Mhuineacháin

**Is í fís Éire Ildánach ná go mbeidh an deis ag gach saoránach atá ina gcónaí in Éirinn a chumas nó a cumas cruthaitheach a bhaint amach go hiomlán.**

Cruthóidh Clár na dtionscnamh agus na ngníomhaíochtaí arna gcur ar fáil faoi Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Mhuineacháin spás do dhaoine gníomhaíochtaí cruthaitheacha a fhiosrú, scileanna agus caitheamh aimsire a fhorbairt, a nguth a aimsiú, tuairimí a fhorbairt agus a chur in iúl, eolas a fháil agus eolas a fhorbairt, feasacht a fhorbairt, gníomhaíocht a dhéanamh, nascadh agus dul i dteagmháil le daoine eile, páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht agus i ngníomhaíochtaí pobail, a muinín féin a chothú, a gcruthaitheacht inmheánach a chothú agus a scaoileadh, gáire agus spraoi a bheith acu, scíth a ligean agus faigh réidh le strus, aireachtáil go maith iontu féin agus le daoine eile.

Is iad na rudaí is tábhachtaí faoi Éire Ildánach i Muineachán

- an turas, ní an toradh deiridh, baineann sé le triail a bhaint as agus ag glacadh leis an bpraiseach a bhaineann leis an dul chun cinn cruthaitheach;
- an guth laistigh a chur in iúl ar bhealach a thógann do chroí;
- baineann sé le fás, forbairt agus inbhuanaitheacht;
- baineann sé le rioscaí beaga a ghlacadh agus le bheith níos uaillmhianaí;
- baineann sé le páirt a ghlacadh agus nascadh le daoine eile;
- baineann sé leis an fhionnachtain agus foghlaim ar an mbealach;
- baineann sé le glacadh leis an saol agus le maireachtáil ar bhealach níos iomláine.

Is mian linn cur ar chumas daoine áitiúla sult a bhaint as an gcruthaitheacht, na healaíona agus an cultúr ar leac an dorais acu féin, rochtain ar fhoghlaim chruthaitheach agus chomhoibríoch a éascú, agus a bheith ina áit inar féidir le healaíontóirí agus cruthaitheoirí a bheith rathúil agus cur leis an tsochaí, tríd an gcultúr agus an chruthaitheacht a chur i gcroílár an phobail. Tacaíonn Comhairle Contae Mhuineacháin le cleachtas na cruthaitheachta i cibé foirm nó meán agus aithníonn sí gur féidir le hearnáil bhríomhar chultúrtha cur le gnóthachtáil shocheacnamaíoch ár gcontae. Aithníonn sí freisin gur féidir leis an gcruthaitheacht agus leis an gcultúr ról a imirt chun ár mianta a chur chun cinn i ndáil le Gníomhú ar son na hAeráide agus Sláinte agus Folláine. Chuige sin, déanfar Colúin Éire Ildánach a chomhtháthú sna tosaíochtaí straitéiseacha a forbraíodh do Cholúin *Pobail Ildánacha, Óige Ildánach* agus *Tionscail Chruthaitheacha.*

Is í ár bhfís do Mhuineachán Cruthaitheach ná:

> *Sa bhliain 2027, gur áit é Contae Mhuineacháin ina mbeidh daoine aonair agus pobail rannpháirteach go gníomhach i ndeiseanna cultúrtha agus cruthaitheacha a chothaíonn ár mbuanna cruthaitheacha agus ár meon cruthaitheach, agus ag an am céanna a chuireann le tairbhí aonair, sóisialta agus eacnamaíocha.*

# 4 Mar a fheidhmíonn Clár Éire Ildánach
## Prionsabail agus Luachanna Phobail Chruthaitheacha

**Leanfaidh *Pobail Ildánacha* ag tacú le húdaráis áitiúla ina straitéis folláine trí:**

- **Beartas** — Ag obair i gcomhar ar fud an rialtais ag tacú le húdaráis áitiúla beartais agus tosaíochtaí ábhartha áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta a chur ar fáil;
- **Cleachtadh** — Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta Solúbtha, i réimsí éagsúla ag cur cur chuige sofhreagrúil agus inoiriúnaithe ar fáil atá lárnach do sheachadadh *Pobail Ildánacha* de réir mar atáthar ag tabhairt aghaidh ar thosaíochtaí atá ábhartha go háitiúil.
- **Rannpháirtíocht** — Níos mó deiseanna a chur ar fáil do dhaoine le bheith páirteach iontu agus sult a bhaint as an gcultúr agus cruthaitheacht ag an leibhéal áitiúil i mbealaí a chuireann bonn agus taca faoi chomhionannas rochtana; agus
- **Comhpháirtíocht** — Idir an rialtas láir agus an rialtas áitiúil, agus Ros Comáin agus na hearnálacha áitiúla cultúir agus cruthaitheachta atá againn.

Tá an cur chuige seo bunaithe ar aghaidh a thabhairt ar chlár roinnte, straitéiseach agus maith a dhéanamh ar na dúshláin agus deiseanna ar leith atá i ngach limistéar údaráis áitiúil.

Déanfar comhpháirtíocht *Pobail Ildánacha* a sheachadadh i gcomhréir leis na prionsabail agus luachanna seo a leanas:

i. Rochtain níos leithne a bheith ar fáil ar ghníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta áitiúla (agus rannpháirtíocht iontu).

ii. Úsáid a bhaint as an gcultúr agus as an gcruthaitheacht chun obair i gcomhar agus nuálaíocht a spreagadh i dtaobh folláine, aontacht shóisialta agus forbairt eacnamaíochta níos fearr a bhaint amach.

iii. An cumas atá ag údaráis áitiúla i dtaobh an cultúr agus an chruthaitheacht a imeascadh a neartú ar fud comhfhorbairt áite, athghiniúint, athnuachan agus áiteanna níos bríomhara, níos cruthaithí agus níos inbhuanaithe a fhorbairt.

iv. Infheistíocht a dhéanamh sa chultúr agus sa chruthaitheacht chun tacú le tuairiscí timpeallachta, sóisialta agus eacnamaíochta a chuidíonn cláir oibre na n-údarás áitiúil a chur ar fáil–idir áitiúil agus réigiúnach, go dtí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

v. Cur leis an gcur chuige lúfar agus comhtháite atá ag Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta chun baint amach breise cláir spríocdhírithe i gcomhar a chothú.

# 5 Tosaíochtaí Straitéiseacha do Mhuineacháin

Bhí ar Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Mhuineacháin 2018–2022 freagairt do na himthosca ó thaobh seachadta agus rannpháirtíochta de agus is é sin a rinneadh léi, dúshlán a chruthú, agus d'eascair féidearthachtaí as neamhfhéidearthachtaí a aithníodh roimhe seo agus ansin fíoraíodh iad. Tugadh de chumhacht do chleachtóirí cruthaitheacha agus d'ealaíontóirí ligeann lena smaointe, cothaíodh agus éascaíodh iad chun a bheith uaillmhianach, chun rioscaí a ghlacadh agus chun a dteorainneacha cruthaitheacha a bhrú ar scála beag, agus ansin iad a fhás ar scála níos mó. Bhí an clár freagrúil ina chur chuige maidir le tacú le healaíontóirí agus le daoine cruthaitheacha agus iad ag forbairt tionscnamh, tionscadal agus clár.

Thug an chéad Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta smaointeoireacht i bhfad níos leithne isteach sa phobal i gcoitinne maidir le cruthaitheacht agus cultúr áitiúil. Tá sé cruthaithe gur uirlis éifeachtach é chun baill den phobal a mhealladh i gcomhráite cruthaitheacha faoi thopaicí nach bhfeictear go stairiúil go bhfuil baint acu leis an réimse cruthaitheach, ach a d'fhéadfadh beocht a thabhairt do na rannpháirtithe nuair a thugtar isteach iad trí chomhthéacs na n-ealaíon, na cruthaitheachta, na hoidhreachta agus an chultúir.

Féachfaidh an Straitéis seo don tréimhse 2023-2027 le tógáil ar an mbunús iontach a cruthaíodh ag obair go sonrach ar thrí Cholún, Óige Ildánach, Pobail Ildánacha agus Tionscail Chruthaitheacha ach an dá Cholún de Shláinte agus Fholláine Chruthaitheach agus Gníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht a leabú.

Tríd an straitéis seo:

- Is mian linn leanúint d'úsáid a bhaint as na modheolaíochtaí a d'oibrigh go maith le cúig bliana anuas agus tógáil orthu;
- Is mian linn teagmháil a dhéanamh le réimse níos leithne daoine, iad a nascadh lena chéile agus lena bhféinléiriú féin tríd an gcruthaitheacht agus an cultúr;
- Is mian linn tacú le lucht na cruthaitheachta agus le tionscail chruthaitheacha a bheith níos láidre agus níos inbhuanaithe, agus an chruthaitheacht á léiriú mar scil saoil fiúntach luachmhar agus mar chonair ghairme fhéideartha do dhaoine óga sa chontae.
- Is mian linn láithreacht na dtionscal cruthaitheach sa chontae a ardú agus na féidearthachtaí a chuireann siad i láthair do Chontae Mhuineacháin amach anseo a fhiosrú, maidir le gnóthachtáil chruthaitheach, rannchuidiú eacnamaíoch agus fostaíochta agus maidir leis an gcaoi a dtacaíonn sé le hinbhuanaitheacht shaol na tuaithe.

## Tosaíocht 1
### Óige Ildánach

Cuirfidh dara Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Mhuineacháin 2023–2027 leis an rannpháirtíocht le leanaí agus le daoine óga a baineadh amach sa chéad straitéis, ag méadú tionchar na ngníomhaíochtaí, agus ag díriú ar leanaí agus ar dhaoine óga a bhfuil níos deacra teacht orthu i suíomhanna oideachais fhoirmiúla agus i suíomhanna neamhfhoirmiúla agus pobail araon.

I bhfianaise an phoitéinsil fáis shuntasaigh a bhaineann le Tionscail Chruthaitheacha, a bhfuil deiseanna fostaíochta níos mó acu, tá sé de chumas ag na tionscail seo feidhmiú ó gheilleagar tuaithe Chontae Mhuineacháin agus cur leis an ngeilleagar sin. Dá bhrí sin, tá ról ag Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Mhuineacháin chun deiseanna na hearnála seo a thabhairt do dhaoine óga sna cúig bliana amach romhainn ionas gur féidir le daoine óga na féidearthachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann dóibh san earnáil seo a fhiosrú agus a aithint.


Mar chuid den Cholún seo de straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Mhuineacháin, beidh deiseanna ann do leanaí agus do dhaoine óga a bheith in ann na saincheisteanna, na hábhair imní agus na dúshláin a bhaineann le Sláinte agus Folláine agus Gníomhú ar son na hAeráide a fhiosrú, cur leo agus gníomhú go dearfach ina leith.



Caisleán Rois Mhóir tríd Minecraft.
**Tionscadal ag:** Músaem Chontae Mhuineacháin



Caisleán Rois Mhóir tríd Minecraft.
**Tionscadal ag:** Músaem Chontae Mhuineacháin




Cuspóirí Uigí Mhuineacháin

Cinnteoidh Colún Óige Ildánach Straitéis Éire Ildánach Mhuineacháin go nglacfaidh agus go bhforbróidh leanaí agus daoine óga a gcumais chruthaitheacha nádúrtha, ag bunú cleachtais a thairgeann féinléiriú iomlán dóibh, ag cur lena bhfolláine agus ag cothú scileanna atá á lorg ag fostóirí fud fad na tíre.

### Cuspóirí Do Thosaíocht 1

**1.1 Rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga a éascú i raon leathan gníomhaíochtaí agus meáin chruthaitheacha mar bhealach chun a bhféinléiriú, a ngníomhaireacht phearsanta agus a nguth a fhorbairt i suíomhanna oideachais foirmiúla agus neamhfhoirmiúla.**

a. An Chairt Ealaíon san Oideachas a sheachadadh trí Chomhpháirtíocht na nEalaíon san Oideachas.

b. Tacú agus comhoibriú i ngníomhaíochtaí ón bPlean don Óige Ildánach.

c. Tacú agus comhoibriú le cur i bhfeidhm an *Clár Giniúint Ceoil.*

**1.2 Deiseanna a fhorbairt do leanaí agus do dhaoine óga a sláinte agus a bhfolláine féin a fhiosrú agus a bhainistiú trí léiriú cruthaitheach i gcomhar leis na príomhpháirtithe leasmhara ábhartha *(Naisc le Colún 4: Sláinte & Folláine Cruthaitheach)***

a. Leanaí agus daoine óga a chur ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí cruthaitheacha ar féidir leo cur le meabhairshláinte agus féinrialúchán níos fearr.

b. Leanaí agus daoine óga a spreagadh trí dheiseanna a chruthú chun plé a dhéanamh ar ábhair iomchuí cúraim sláinte a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar fhorbairt a n-athléimneachta.

c. Tacú agus comhoibriú leis an *gClár Planet Youth.*

**1.3 Acmhainneacht thionscail chruthaitheacha an chontae a thaispeáint agus a chur chun cinn do leanaí agus do dhaoine óga *(Naisc le Colún 3: Tionscail Chruthaitheacha)***

a. Trí chomhoibriú le gníomhaithe sna Tionscail Chruthaitheacha, deiseanna a chruthú agus a chur chun cinn chun leanaí agus daoine óga a chur ar an eolas faoi leithead na dTionscal Cruthaitheach agus chun iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna oiliúna, gairme agus rannpháirtíochta atá ann laistigh dá dhisciplíní.

b. Sraith próifílí pearsanta a fhorbairt le haghaidh Laochra Cruthaitheacha an Chontae ag baint úsáid as cur chuige ilmheán.

c. Comhdháil fhíorúil a chruthú inar féidir le daoine óga bealaí éagsúla na dTionscal Cruthaitheach a fhiosrú le roinnt de Laochra Cruthaitheacha an Chontae.

**1.4 Tacú le deiseanna do leanaí agus do dhaoine óga iniúchadh a dhéanamh ar thopaic an ghníomhaithe ar son na haeráide agus na hinbhuanaitheachta, páirt a ghlacadh inti agus comhoibriú lena gcumasaítear dóibh gníomhú go dearfach (Naisc le Colún 5: Gníomhaíocht Chruthaitheach ar son na hAeráide & Inbhuanaitheacht)**

a. Tacú le gníomhaíochtaí cruthaitheacha don óige lena mbeidh siad rannpháirteach agus a thugann cumhacht dóibh gníomhú de réir a chéile agus ar bhonn comhoibríoch i ndáil le gníomhú ar son na haeráide agus leis an inbhuanaitheacht.

b. Tacú le deiseanna cruthaitheacha do leanaí agus do dhaoine óga dul i dteagmháil le gníomhaithe timpeallachta chun iniúchadh a dhéanamh trí mheán na ngníomhaíochtaí/na n-áiseanna cruthaitheacha, maidir le hathrú dearfach a chur i bhfeidhm ina bpobail féin.

### Tosaíocht 2
**Pobail Ildánacha**

Faoi Cholún na *bPobal Ildánach* laistigh de Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Mhuineacháin don tréimhse 2023-2027, leanfar de réimse leathan meán a úsáid lena n-áirítear na hamharcealaíona, amharclannaíocht, ceol agus amhránaíocht, scéalaíocht, filíocht, damhsa, ceardaíocht, scannánaíocht, grianghrafadóireacht, dearadh agus i bhfad níos mó, mar mheicníochtaí chun lucht féachana de gach aois ó gach cearn den chontae a spreagadh chun féinléiriú a dhéanamh ar réimsí cultúrtha éagsúla lena n-áirítear oidhreacht teanga, chultúrtha, ealaíonta agus thógtha, tírdhreach,

áit agus muintearas agus téamaí na huaire, tábhachtacha amhail sláinte agus folláine, bithéagsúlacht, comhshaol, gníomhú ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht.

Glacfaidh an Straitéis béim ar leith maidir le rannpháirtíocht chruthaitheach na mball den phobal atá níos deacra teacht orthu agus nach bhfuil chomh comhtháite céanna, lena n-áirítear pobail nua, a dtugann a gcúlraí cultúrtha aonair deiseanna le haghaidh iniúchadh agus comhroinnt chruthaitheach tríd an gclár. Is é an rud is tábhachtaí chun dul i dteagmháil leis na spriocghrúpaí seo ná oibriú i gcomhar agus i gcomhpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara sa chontae agus luach cruthaitheach a chur le seachadadh an chláir atá ann cheana.

Tríd an gclársceidealú a chuirfear ar fáil faoin Tosaíocht Straitéiseach seo, cuirfear bonn nua ar fáil maidir le conas is féidir dul i ngleic le saincheisteanna dúshlánacha amhail cosaint an chomhshaoil, an t-athrú aeráide, sláinte agus folláine, trí lionsa na hoibre cruthaitheacha. Cuirfidh an fócas seo foghlaim, comhoibriú agus obair chomhpháirtíochta chun cinn idir lucht na cruthaitheachta, gairmithe sláinte agus gníomhaithe timpeallachta d'fhonn rannpháirtíocht chruthaitheach a dhéanamh le pobail, gnólachtaí agus daoine aonair.

### Cuspóirí Do Thosaíocht 2

**2.1 Leanúint ar aghaidh chun an cultúr agus an cruthaitheacht, a chur chun cinn, a theagasc agus a leabú mar ghníomhaire athraithe a bhfuil ábharthacht agus rannchuidiú dearfach aige i ngach gné den rialtas áitiúil, de ghníomhaireachtaí agus d'fhiontair sa chontae.**

a. Na buntáistí a bhaineann le teagmháil a dhéanamh le lionsa cultúir agus cruthaitheachta i ngach gné den obair a chur chun cinn agus a theagasc laistigh de Chomhairle Contae Mhuineacháin.

b. Na buntáistí a bhaineann le cultúr agus cruthaitheacht a ghlacadh a chur chun cinn, a theagasc agus a roinnt le comhpháirtithe, eagraíochtaí agus comhoibrithe ar fud an chontae mar mhodh chun an pobal a mhealladh agus chun athrú a chur i bhfeidhm.

**2.2 Clár a fhorbairt a dhíreoidh ar thairbhí sláinte agus folláine *(Naisc le Folláine Chruthaitheach)***

a. Tacú le cleachtóirí cruthaitheacha uas-sciliú agus dul i ngleic le conas an tsláinte agus an fholláine a iniúchadh go cruthaitheach agus conas í a thabhairt chuig pobail phríomhshrutha agus chuig grúpaí sa phobal a bhfuil eispéireas cruthaitheach níos saincheaptha de dhíth orthu.

b. Raon tionscnamh a fhorbairt a aithnítear mar thionscnaimh a chuireann le sláinte agus folláine níos fearr agus a chuireann na huirlisí ar fáil do dhaoine aonair agus do phobail chun tacú lena bhféinchúram féin.

c. Comhoibriú le príomh-chomhpháirtithe Sláinte agus Folláine chun comhchruthú nó breisluach a chur le tionscnaimh i.e., FSS, Sláinte Éireann, CYPSC, Meabhairshláinte, an Líonra Náisiúnta Cúraim Leanaí.

**2.3 Clár bliantúil tionscnamh a fhorbairt agus a chur chun cinn a spreagann pobail agus daoine aonair chun rochtain a fháil ar bhuntáistí na cruthaitheachta agus an chultúir, go pearsanta agus trí ardáin ar líne, a bhaineann úsáid as an raon is leithne de mheáin chruthaitheacha/modhanna cruthaitheacha chun dul i dteagmháil le lucht féachana ar fud réimsí na hoidhreachta teanga, cultúrtha, ealaíonta agus tógtha, bithéagsúlachta, comhshaoil, gníomhú ar son na haeráide, sláinte agus folláine, tírdhreach, áit agus muintearas, comhtháthú cultúrtha, saol na tuaithe etc.**

a. Deiseanna a chothú, a chur chun cinn agus a lorg chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar fhéilte cultúrtha agus cruthaitheacha sa chontae ina léirítear gach gné den oidhreacht chultúrtha.

b. Tacú le tionscnaimh a bhíonn rannpháirteach le pobail nua i ngníomhaíochtaí cultúrtha cruthaitheacha a chuireann ar a gcumas a n-oidhreacht chultúrtha a chur in iúl agus a roinnt.

c. Oibriú le príomhpháirtithe chun teagmháil a dhéanamh leis na daoine sa phobal a bhfuil sé níos deacra teacht orthu maidir le saincheisteanna a mbeidh tionchar dearfach acu ar a saol.



Páistí ag baint sult as ceardlann ealaíne cruthaitheach 'Curious Creatures' leis an amharcealaíontóir Orla Kelly



Nascadh trí Thionscadal Cré



Lása Charraig Mhachaire Rois.
**Grianghraf:** Turasóireacht

**2.4 Clár gníomhaíochtaí agus tionscnamh cruthaitheacha a fhorbairt a dhíríonn ar an téama Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht *(Naisc le Gníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide & Inbhuanaitheacht)***

a. Tacú le deiseanna do chleachtóirí cruthaitheacha uas-sciliú agus a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí aeráide i gcomhar le chéile, chun meicníochtaí breise a chur ar fáil chun go mbeidh daoine as Muineachán rannpháirteach i gcomhráite, i ngníomhaíochtaí agus i dtionscnaimh a chuireann gníomh chun cinn maidir le Gníomhú ar son na hAeráide agus inbhuanaitheacht.

b. Tacú le réimse tionscnamh cruthaitheach a dhíríonn ar oideachas agus ar fheasacht a fhorbairt maidir le gníomhú ar son na haeráide agus cúrsaí inbhuanaitheachta mar a bhaineann siad le Contae Mhuineacháin.

c. Tacú le clár gníomhaíochtaí a chuireann ar chumas daoine agus grúpaí pobail i gContae Mhuineacháin gníomhú ar thionscnaimh áitiúla um ghníomhú ar son na haeráide i gcomhréir le Straitéis an Chontae um Oiriúnú don Athrú Aeráide.

## Tosaíocht 3
**Tionscail Chruthaitheacha (lena n-áirítear daoine & áiteanna)**

Trí cholún na dTionscal Cruthaitheach de straitéis Éire Ildánach Mhuineacháin, féachfaimid le fócas níos géire a chruthú ar na daoine cruthaitheacha sa chontae sa chiall is leithne. Ba mhaith linn aithne a chur ar ionadaithe an tionscail i gContae Mhuineacháin ó chleachtóirí ealaíon cruthaitheach go dtí na gnólachtaí atá ag feidhmiú sna réimsí cruthaitheacha digiteacha, dearadh-bhunaithe agus cruthú ábhar.

Chun tacú leis na Tionscail Chruthaitheacha, chun fás agus forbairt a dhéanamh i gContae Mhuineacháin, ní mór dúinn an obair atá déanta san earnáil sa chontae a aithint, a thaispeáint agus aird a tharraingt air. Cuirfidh sé seo ardán ar fáil do chomhoibriú leis an earnáil agus chun daoine óga a thabhairt isteach sna gairmeacha beatha a d'fhéadfadh a bheith ann san earnáil.

Cuid lárnach de sheachadadh níos leithne clár agus tionscnamh cruthaitheach atá dírithe ar chultúr faoi Thosaíocht 2, beidh siad ag cur le cumas cleachtóirí cruthaitheacha ó laistigh den chontae agus ag cur le líon na gcleachtóirí atá cláraithe chun cláir phobail a sholáthar i suíomhanna éagsúla agus ar théamaí éagsúla lena n-áirítear Sláinte agus Folláine agus Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht. Leis an dá théama nua seo, cuirfidh cláir chruthaitheacha leis an sprioc daoine aonair agus pobail a chumasú le bheith in ann gníomhú iad féin. Cuirfidh comhoibriú le cleachtóirí i gcruthú digiteach, deartha agus ábhair tuilleadh feabhais ar an éagsúlacht agus ar na modheolaíochtaí is féidir a úsáid chun daoine aonair agus pobail a spreagadh chun a gcruthaitheacht féin a chothú.

### Cuspóirí Do Thosaíocht 3

**3.1 Deiseanna a chothú, a chur chun cinn agus a lorg chun cleachtóirí cruthaitheacha/tionscail chruthaitheacha, atá lonnaithe sa chontae, a spreagadh i gcur i bhfeidhm céimneach na gclár cruthaitheach, ina mbíonn pobail agus daoine aonair rannpháirteach, agus i ngnólachtaí inbhuanaithe a chuireann leis an timpeallacht eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha sa chontae.**

a. Deiseanna a shainaithint a chabhraíonn le geilleagair chruthaitheacha áitiúla a fhorbairt a thacaíonn le cleachtas cruthaitheach chun scileanna a fhorbairt ionas gur féidir leo dul i dteagmháil níos fearr le lucht féachana sonrach pobail, go háirithe i soláthar gníomhaíochtaí a mbíonn tionchar acu ar an tsláinte agus ar an bhfolláine agus ar ghníomhú ar son na haeráide agus ar an inbhuanaitheacht.

b. Tionscnaimh a aithint agus tacú leo a spreagann daoine cruthaitheacha nua agus níos óige i seachadadh clár sa chontae m.sh. scéim carad/meantóireachta.

c. Fóram a fhorbairt chun ról a thabhairt do chleachtóirí cruthaitheacha, do thionscail chruthaitheacha, d'áiteanna cruthaitheacha, agus do spásanna mar shásra chun tuilleadh foghlama, comhroinnte agus oibre comhoibríche a dhéanamh.

d. Bunachar sonraí a bhunú maidir le Muineachán Cruthaitheach atá gníomhach agus á fhorbairt, ina mbaileofar sonraí faoi chleachtóirí, tionscail chruthaitheacha, áiteanna cruthaitheacha, agus spásanna mar mheicníocht le haghaidh tuilleadh rannpháirtíochta, forbartha, taispeántais agus rannpháirtíochta le cleachtóirí as gach meán sa chontae.

**3.2 Cleachtóirí cruthaitheacha, nuálaithe cruthaitheacha agus tionscail chruthaitheacha an chontae a chur i láthair agus a chur chun cinn**

a. Múnlaí de dhea-chleachtas cruthaitheach a thagann ón gcontae a chur chun cinn chomh maith le deiseanna a chruthú do chleachtóirí cruthaitheacha agus do thionscnóirí tionscail samplaí dea-chleachtais ó níos faide i gcéin a roinnt.

**3.3 Tacú le forbairt agus fás na dtionscal cruthaitheach sa chontae**

a. Comhoibriú leis an Oifig Fiontair Áitiúil agus le gníomhaireachtaí náisiúnta ábhartha eile chun deiseanna forbartha a chruthú do na tionscail chruthaitheacha sa chontae chun a gcuid scileanna a fhorbairt agus, dá bhrí sin, inbhuanaitheacht eacnamaíoch a fhorbairt.

b. Féachaint, i gcomhar le tionscail chruthaitheacha agus le gníomhaireachtaí ábhartha eile sa chontae, ar a gcuid riachtanais áiseanna agus scileanna lucht saothair a fhorbairt agus a fhás agus páirt a ghlacadh i gcur chuige comhoibríoch chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sin.

# 6 Cur chun feidhme arna déanamh ag Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta Mhuineacháin

Tá Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta bunaithe ag Comhairle Contae Mhuineacháin chun cur i bhfeidhm na Straitéise seo a threorú agus a mhaoirsiú.

Is iad na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta bunchloch na bPobal Ildánach ar fud gach ceann den 31 údarás áitiúil in Éirinn. Tugann na foirne seo réimse agus leibhéal suntasach saineolais le chéile agus, in go leor cásanna, áirítear orthu daoine gairmiúla ó réimsí amhail ailtireacht, na healaíona, gníomhú ar son na haeráide, forbairt pobail, fiontraíochta agus timpeallachta, oidhreacht, teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, an Ghaeilge, leabharlanna, pleanáil spásúlachta, turasóireacht agus eile.  Cuireann an méid eolas teicniúil atá ag na foirne seo ar chumas gach údarás áitiúil úsáid a bhaint as an méid léargais, acmhainní agus taithí seachadta atá acu, nithe nach mbeadh ag mórán eagraíochtaí poiblí eile ná ag eagraíochtaí san earnáil phríobháideach.

**Is é an ról atá ag an bhfoireann seo ná:**

— Fóram comhchoiteann a chur ar fáil i dtaobh uaillmhian an chultúir agus na cruthaitheachta laistigh den údarás áitiúil;

— Díriú ar éagsúlacht agus uileghabhálacht agus a chur ar chumas pobail a bhfuil sé níos deacra iad a mhealladh a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta;

— Cur le saineolas agus straitéisí intí atá ann cheana ar feadh réimsí na folláine, aontacht folláine agus forbairt eacnamaíochta d'fhonn leas a bhaint as an gcultúr agus as an gcruthaitheacht chun cláir oibre spriocdhírithe údaráis áitiúil a chur ar fáil;   Athrú a chumasú i dtaobh an luach atá ar earnáil an chultúir agus na cruthaitheachta laistigh d'údaráis áitiúla agus ar fud údaráis áitiúla agus a chinntiú go ndéantar an cultúr agus an chruthaitheacht a leabú ar fud pleananna, polasaithe agus foirne tionscadail sna húdaráis áitiúla.


— Borradh a chur faoi ghníomhartha tras-chomhoibríocha a thacaíonn le hathrú agus torthaí dearfacha go háitiúil, agus a d'fhéadfadh a bheith ann idir údaráis áitiúla ag leibhéal réigiúnach; agus

— A bheith nuálach agus rioscaí a ghlacadh — tionscadail nua agus bealaí nua oibre a thriail.

Tá seachadadh na Straitéise faoi stiúir an S tiúrthóra Seirbhísí Airgeadais, Tithíochta & Cultúir agus i measc baill na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta do Chomhairle Contae Mhuineacháin tá Leabharlannaí Contae, Leabharlannaí Sinsearach Feidhmiúcháin, Coimeádaí an Mhúsaeim, Oifigeach Ealaíon, Oifigeach Oidhreachta, Bainisteoir Ionad Patrick Kavanagh, Oifigeach Turasóireachta, Oifigeach Comhairle Gnó OFÁ, Oifigeach Oideachais Comhshaoil, Pleanálaí Feidhmiúcháin/ Comhordaitheoir Eacnamaíoch, Oifigeach a Thacaíonn le Daoine Breacaosta, Comhordaitheoir Ionaid Stiúrthóir na hEorpa, Comhordaitheoir Comhpháirtíochta Ealaíon san Oideachas Áitiúil, Comhordaitheoir Éire Shláintiúil.

Is gné ríthábhachtach ratha iad na struchtúir agus na próisis seo a chuirfidh ar chumas Pobail Ildánacha tosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach do Chomhairle Contae Mhuineacháin.

## Léarscáil de Mhuineacháin



A Government of Ireland Initiative.
Tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann.

—

CreativeIrl
creativeirl
creativeireland

—

**creativeireland.gov.ie**

**Éire Ildánach**

*Ag spreagadh agus ag athrú daoine, áiteanna agus pobal tríd an gcruthaitheacht.*